



Ceisteanna Samplacha; Agallamh do Chúntóir Riachtanais Speisialta

Fáiltiú an Chathaoirligh:

Cuir baill an bhoird agallaimh in aithne don iarratasóir agus mínigh leagan amach an agallaimh. Deimhnigh an cineál folúntais agus dáta tosaithe an ról leis an iarratasóir.

Ceist Riachtanach:

An mbeidh tú sásta tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil sa Ghaeilge má iarrtar ort?

1. Scileanna, Cáilíochtaí & Stair Oibre

- An dtabharfá linn tríd do CV le do thoil?
- Cé na scileanna atá agat a chuirfeadh leis an seomra ranga?
- Cén fáth a bhfuil tú ag iarraidh an ról seo?
- Cé na láidireachtaí agus na laigí atá agat?
- Cén caighdeán Gaeilge atá agat?
- Inis dúinn faoi aon bhua speisialta atá agat. Conas a d'úsáidfeá an bua/scil seo chun cur leis an scoil?
- An bhfuil aon chúrsaí breise déanta agat a chabhródh leat mar CRS?
- An mbeifeá toilteanach tabhairt faoi chúrsaí a bheadh feiliúnach don ról?
- Cén réimse a bhainfeá tairbhe as tuilleadh traenála ann?

2. Riachtanais Speisialta

- Céard í an fhadhb is mó ar chas tú léi agus tú ag múineadh? Cén buntáiste an taithí sin?
- Cé na rudaí a bheifeá ag díriú orthu leis an tacaíocht is fearr a chinntiú?
- Cén taithí atá agat ag plé le páistí a bhfuil riachtanais speisialta acu?

3. An Seomra Ranga:

- Cén taithí ábhartha atá agat maidir le dalta a bhfuil sainriachtanas _____ acu?
- Cén chaoi a gcoinneofá taifead de do chuid oibre?
- Tá tú ag obair le dalta ar leith agus tá tuairimí agat maidir le tacú leo. Cad a dhéanann tú leo?
- Tá tú sa chlós agus bíonn dalta eile dána – cad a dhéanann tú?
- Mura bhfuil gá ag an dalta a bhfuil riachtanais speisialta acu do d'aird, cé na scileanna a d'fhéadfá a úsáid sa rang?

4. Tuiscint ar dhúshláin an phoist:

- Cad iad na dúshláin a sheasfadh romhat agus tú sa phost seo? An mbeadh brú ann?
- Inis dom faoin dúshlán is mó a bhí agat ar scoil. Cad a tharla & cad a rinne tú?
- Cad é ról na dtuismitheoirí in oideachas a bpáistí?



Ceisteanna Samplacha; Agallamh do Chúntóir Riachtanais Speisialta

- Cá mbeidh tacaíochtaí ar fáil duit agus tú ag socrú isteach sa phost seo?
- Tá sé tábhachtach go mbeidh gach dalta rannpháirteach i ngrúpa. Conas a thabharfadh CRS faoi sin?
- Beidh ort plé le páistí eile sa ghrúpa, conas a thabharfá faoi sin?
- Conas a théann tú i ngleic le coimhlint?
- Cén tuiscint atá agat ar rúndacht?

5. Ról an CRS

- Cad é i do thuairim an príomhchúram a bheadh ort agus tú ag glacadh le ról an CRS?
- Conas a gcothófaí caidreamh maith le múinteoir(í) ranga?
- Cé leis a bheifeá freagrach ar deireadh thiar thall?
- Cad é ról an CRS?
- Cad í an cheist is tábhachtaí maidir leis an bpáiste/na páistí?
- D'fhéadfadh go mbeadh cúram ann maidir le húsáid leithris. Conas a thabharfá faoi sin?
- D'fhéadfadh go mbeadh ort dualgais a dhéanamh ar laethanta a bheadh an scoil dúnta. Conas a thabharfá faoi na dualgais seo a eagrú leis an bPríomhoide?

6. Cumarsáid agus Caidrimh:

- Dá mbeadh fadhb agat le múinteoir ar an bhfoireann, cad a dhéanfá faoi?
- Maidir le rúndacht; buaileann tú le seantuismitheoir in ollmhargadh agus cuireann siad ceist faoi dhalta – cad a dhéanfá?
- Má thosaíonn tuismitheoir ag plé páiste nó múinteoir leat, cad a dhéanann tú?
- Cén ról a bheadh agat leis an SENO?
- Cad é ról an mhúinteora maidir le do dhualgais? Cé a thugann obair don CRS?
- Cén chaoi a ndéanfá cumarsáid le tuismitheoirí?
- Má bhíonn fadhb nó ceist agat, cad a dhéanfá?
- Cén caidreamh oibre ar chóir a bheith ag CRS le múinteoir/príomhoide/tuismitheoir?
- Má tá ceist agat faoi chúram dalta, cá mbeadh an t-eolas ar fáil duit?

Críoch:

- An bhfuil aon cheist agat féin nó an bhfuil aon rud eile gur mhaith leat a rá linn?